Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/1841

1.7.2024

# CINNEADH (AE) 2024/1841 ÓN gCOMHAIRLE

## an 25 Meitheamh 2024

## lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Ard-Diúcacht Lucsamburg, de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 302 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/853 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag féachaint don togra ó rialtas Lucsamburg,

Tar éis di dul i gcomhairle leis an gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(2) den Chonradh, tá Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa le bheith comhdhéanta d'ionadaithe d'eagraíochtaí fostóirí, fostaithe agus páirtithe eile atá ionadaíoch don tsochaí shibhialta, go háirithe i réimsí socheacnamaíocha, sibhialta, gairmiúla agus cultúrtha.

(2) An 18 Iúil 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2022/1259 ([2]) lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Ard-Diúcacht Lucsamburg, de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.

(3) Tá suíochán comhalta ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa tagtha chun bheith folamh tar éis do Christel CHATELAIN éirí as oifig.

(4) Mhol Rialtas Lucsamburg Claudine OTTO, *Coordinatrice des Affaires internationales et des Affaires juridiques européennes, Chambre de Commerce (Luxembourg)* (Comhordaitheoir um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus um Ghnóthaí Dlíthiúla Eorpacha, Comhlachas Tráchtála (Lucsamburg)), mar chomhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 20 Meán Fómhair 2025,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Claudine OTTO, *Coordinatrice des Affaires internationales et des Affaires juridiques européennes, Chambre de Commerce (Luxembourg)* (Comhordaitheoir um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus um Ghnóthaí Dlíthiúla Eorpacha, Comhlachas Tráchtála (Lucsamburg)), mar chomhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 20 Meán Fómhair 2025.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 25 Meitheamh 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

H. LAHBIB

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 15.
([2]) Cinneadh (AE) 2022/1259 ón gComhairle an 18 Iúil 2022 lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Ard-Diúcacht Lucsamburg, de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (IO L 191, 20.7.2022, lch. 68).